**CINNTÍ**

**CÚIRT BHREITHIÚNAIS AN AONTAIS EORPAIGH**

# CINNEADH ÓN gCÚIRT BHREITHIÚNAIS

**an 23 Deireadh Fómhair 2012**

**maidir le dualgais bhreithiúnacha Leas-Uachtarán na Cúirte Breithiúnais**
(2012/671/AE)

TÁ AN CHÚIRT BHREITHIÚNAIS,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 278, 279, 280 agus an ceathrú mír d'Airteagal 299 de,

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe an tríú agus an ceathrú mír d'Airteagal 81, Airteagal 157, agus an tríú mír d'Airteagal 164 de,

Ag féachaint don Phrótacal ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 9a, 39 agus 57 de,

Ag féachaint do Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais an 25 Meán Fómhair 2012, agus go háirithe Airteagail 10(3), 13, agus 160 go 166 díobh,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De réir an dara mír d'Airteagal 39 den Phrótacal ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, féadfaidh Leas-Uachtarán na Cúirte Breithiúnais na cumhachtaí dá dtagraítear sa chéad mhír den fhoráil sin a fheidhmiú, faoi na coinníollacha atá leagtha síos sna Rialacha Nós Imeachta.

(2) I gcomhréir le hAirteagal 10(3) dá Rialacha Nós Imeachta, sonróidh an Chúirt, le cinneadh, na coinníollacha faoina rachaidh an Leas-Uachtarán in ionad Uachtarán na Cúirte i bhfeidhmiú a dhualgas breithiúnach.

(3) Tiocfaidh Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais an 25 Meán Fómhair 2012 i bhfeidhm an 1 Samhain 2012.

(4) Ba cheart go dtiocfaidh an cinneadh maidir leis na coinníollacha faoina rachaidh an Leas-Uachtarán in ionad Uachtarán na Cúirte i bhfeidhmiú a dhualgas breithiúnach i bhfeidhm ar an dáta céanna sin.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Rachaidh Leas-Uachtarán na Cúirte in ionad Uachtarán na Cúirte i bhfeidhmiú a dhualgas breithiúnach dá dtagraítear sa chéad mhír d'Airteagal 39 agus in Airteagal 57 den Phrótacal ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, chomh maith le hAirteagail 160 go 166 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais.

Mura féidir leis an Leas-Uachtarán freastal ar a chuid dualgas, beidh na dualgais dá dtagraítear sa mhír roimhe seo á bhfeidhmiú ag duine d'Uachtaráin na ndlísheomraí a bhfuil cúigear Breithiúna iontu nó, ina éagmais sin, ag duine d'Uachtaráin na ndlísheomraí a bhfuil triúr Breithiúna iontu nó, ina éagmais sin, ag duine de na Breithiúna eile de réir an oird sinsearachta a leagtar síos in Airteagal 7 de na Rialacha Nós Imeachta.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 1 Samhain 2012.

*Airteagal 3*

Foilseofar an Cinneadh seo in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 23 Deireadh Fómhair 2012.

| | |
|---|---|
| An Cláraitheoir | An tUachtarán |
| A. CALOT ESCOBAR | V. SKOURIS |